# Modúl a Cúig

## A thuilleadh faoi chrainn.

Tree Council of Ireland

# Modúl a Cúig


| | |
|---|---|
| An fáth a gcuirtear crainn | Bileog Oibre 2 |
| Duilleoga | Bileog Oibre 3 |
| Nathanna Cainte faoi chrainn | Bileog Oibre 4 |
| Crainn sa bhéaloideas | Bileog Oibre 5 |
| Logainmneacha atá bainteach le crainn | Bileog Oibre 6 |
| Sloinnte a thagann ó chrainn | Bileog Oibre 7 |
| Crainn mar inspreagadh d'fhilí | Bileog Oibre 8 |
| Crainn san fhilíocht | Bileog Oibre 9-12 |
| Crainn mar shuímh do phlandaí eile | Bileog Oibre 13-14 |
| Foraoiseacht na hÉireann | Bileog Oibre 15 |
| Crainn mar phictiúir den am fadó | Bileog Oibre 16 |
| Aibítir na gCrann | Bileog Oibre 17 |
| Cód na Tuaithe | Bileog Oibre 18 |
| Tástálacha le déanamh | Bileog Oibre 19-36 |
| Cuir crann don Bheach Mheala | Bileog Oibre 37-38 |
| Aibítir na gCrann Éireannach | Bileog Oibre 39-46 |


Tree Council of Ireland

# An Fáth go gcuirtear Crainn


Cuirtear crainn i ngach aon áit timpeall orainn.

Cuirtear iad ar chúiseanna difriúla


- Le hAghaidh **Fothana**
- Mar **Theorainneacha**
- Chun **Críche Aestéitice –** mar go bhféachann siad go deas
- Ar mhaithe le **Príobháideacht** agus chun rudaí a fholú
- Trí **thimpiste**
- Mar **bharr**
- Chun **Críche Ailtireachta –** mar fhráma nó mar chúlra
- Chun **Críche Innealltóireachta –** chun creimeadh a smachtú
- Chun cur **le hÁilleacht** na Tíre

I do cheantar áitiúil agus timpeall do scoile, feicfidh tú crainn a cuireadh ar roinnt de na cúiseanna seo.

# Duilleoga



Má scrúdaíonn tú duilleoga go cúramach, feicfidh tú go bhfuil cruthanna difriúla orthu.




- ✶ Is féidir le duilleoga a bheith **simplí**

  Duilleog amháin agus gas ceangailte de

  Is féidir imlíne chorrach, bhiorach nó liopach a bheith ag an duilleog nó imlíne le ribí timpeall an imill
- ✶ Is féidir le duilleoga a bheith **comhshuite**.

  Bíonn roinnt duilleoga ceangailte den ghas (peitín)
- ✶ Is féidir le duilleoga a bheith ar dhéanamh **snáthaidí**. Tagann siad o crainn buaircianacha.
- ✶ Is féidir le duilleoga a bheith ar **chuma gainní**. Tagann siad o crainn buaircianacha chomh maith.



## Ag Déanamh Fáisceán Duilleog

Is féidir leat duilleoga a choimeád ar feadh na mblianta fada má fháisceann tú iad go dtí go dtroimíonn siad.

- ✶ Cuir na samplaí is fearr atá agat ar leath-leathanach nuachtáin
- ✶ Cuir lipéad taobh leis
- ✶ Déan an páipéar a fhilleadh agus cuir meáchan cosúil le leabhar trom air
- ✶ Athraigh an páipéar tár éis dhá lá agus cuir na duilleoga i bpáipéar úr leis na lipéid
- ✶ Cuir na meáchain ar ais

Nuair a bheidh na duilleoga tirim, cuir ar pháipéar bán iad.  Cuir lipéad ag bun an leathanaigh.

Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo ag an lipéad

Dáta　　Ainm an bhailitheora　　Áit ar bailíodh í　　Ainm an chrainn

Nuair a bheidh na crainn tirim agus curtha ar pháipéar cuir isteach i **nDialann Crann** an ranga iad.

D’fhéadfadh Dialann Crann sonraí crainn atá á staidéar agat a chuimsiú chomh maith.

- ✶ An timpeall atá ag stoc crainn
- ✶ Meastachán ar airde an chrainn
- ✶ Leithead scáth fearthainne an chrainn .i. aan méid scátha a chaitheann an crann

Dáta ____________________

Ainm an Bhailitheora ____________________

Áit ar bailíodh ____________________

Ainm an Chrainn ____________________

# Nathanna faoi chrainn

Baineann na nathanna cainte seo a leanas le crainn.

1 Tá d'umhail ar na mionrudaí agus ní léir duit na mór-rudai
You can't see the wood for the trees..

2 Tá na diallait ar an gcapall contráilte agat.
You are barking up the wrong tree.

3 Níl tú thar an mbarra go fóill.
You are not yet out of the woods.

4 I bhfad uainn an tubaiste.
Touch wood.

5 Dá dtitfeadh crann sa choill, is air/uirthi a dtitfeadh sé.
If it's going to happen, it will happen to him/her.

6 Chuirfeadh sé/sí dhá cheann na coille ar a chéile.
S/he would start a row in heaven.

7 Is minic a bhain duine slat chun é/í féin a bhualadh.
We are often the source of our own misfortune.

8 Tá a loscadh féin i ngach coill.
We are our own worst enemy.

9 Níl aon chrann sna flaithis níos airde ná crann na foighne.
Patience is a virtue.

10 Tugadh an chraobh dó/di.
S/he won.

11 Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chur.
The tree lives longer than the person who planted it.

The following expressions show how we use trees in our everyday speech.
Do you know what they all mean?

- ✔ To hold out an olive branch
- ✔ A chip off the old block
- ✔ To rest on your laurels
- ✔ To turn over a new leaf
- ✔ Finding your roots
- ✔ A branch of the family
- ✔ To have a very wooden character
- ✔ From little acorns grow mighty oaks.
- ✔ A tree is known by its fruit.
- ✔ Walnuts and pears you plant for your heirs.
- ✔ As a tree bends, so shall it grow.

# Crainn sa Bhéaloideas

Is cuid tábhachtach de shaol na ndaoine a mhaireann amuigh faoin tuath iad crainn. Mar sin ní hionadh é go bhfaightear a lán tagairtí do chrainn i mBéaloideas na hÉireann.

## An raibh a fhios agat?

Is éard is *Béaloideas* ann ná eolas faoin saol fadó a chuirtear ar aghaidh go dtí glúinte nua.

Níor scríobhadh síos traidisiún an bhéaloidis ach cuireadh ar aghaidh é ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile ar bhéil na ndaoine. B'fhéidir go bhféadfá féin roinnt *béaloidis* a bhailiú ó sheandaoine i do theaghlach nó ó do cheantar áitiúil.

Seo roinnt béaloidis a bhaineann le crainn.

### Crainn Sí

De ghnáth is sceacha geala aonaracha iad na crainn sí. Cheaptaí go leanfadh mí-ádh éinne a leagfadh ceann acu.

### Crainn ag Toibreacha Beannaithe

Go minic chuirtí boinn airgid go domhain i gcoirt na gcrann seo agus cheanglaítí píosaí páipéir agus giobal de na crainn. Dheintí é seo chun leigheas a fháil ag tobar beannaithe. Tá a lán scéalta ann faoi chrainn áirithe ag toibreacha beannaithe.

### An Chaorthann

Cheaptaí go raibh feidhm ag an gcrann seo chun daoine a chosaint ar olc. Ar an ábhar seo ba dheas lena lán daoine crann caorthainn a bheith ag fás cóngarach dá dtithe.

### An Trom

Ghlaoití an crann bromaigh ar an gcrann seo uaireanta. Mheastaí gur chrann mí-ámharach é toisc gur chroch Iúdás é féin ar an gcrann seo.

### Agus...

Deirtí chomh maith nach bhfásfadh leanaí a bhuailtí le maide an troim!

# Logainmneacha
## a bhaineann le Crainn

Tagann a lán logainmneacha Gaeilge ó chrainn nó ó choillearnacha

Is féidir leo teacht ó:

### Crann

Crann Mór i Maigh Eo, Crannach i nDún na nGall, Crannach i dTiobraid Árann agus i gCill Mhantáin. Tagann an focal *crannóg* ó *chrann* freisin.

### Coill

*Coill* an focal Gaeilge ar wood an Bhéarla. Litrítear é mar Kyle nó Kil go minic i mBéarla.
Tá Coill Mhór againn sa Ghaillimh (Kylemore i mBéarla).
Tá Coill na Manach againn i mBaile Átha Cliath agus i dTiobraid Árann (Kilnamanagh i mBéarla).
Tá an logainm *Coillte* sa Chlár (Quilty i mBéarla).
Tagann Kiltyclogher an Bhéarla i gCo. Liatroma ó *Choillte clochar* na Gaeilge.

### Dair

Tagann Doire agus Cill Dara ón bhfocal *Dair* (Oak i mBéarla).

*Eo* from Yew gives us
Newry, Mayo (*Maigh Eo*), Terenure (*Tír an Iúir*).

### Úl

Tagann an logainm An tAbhallort (Oulart sa Bhéarla) i gCo. Loch Garman, a chiallaíonn úllord, ón bhfocal *Úll.*

### Cuilleann

Tagann an logainm Droim *Cuileann* (Drumcullen) i gCo. Uíbh Fhailí.

### Leamhan

Tagann an logainm Leamhcán (Lucan) i mBaile Átha Cliath, ón bhfocal *Leamhan*.

Tá logainmneacha againn ó na focail **Craobh**, **Garrán** agus **Muine** chomh maith.

## *Taighde*

Faigh amach faoi logainmneacha i do cheantar féin nó i gceantar na scoile a thagann ó ainmneacha na gcrann.

# Sloinnte
## a thagann ó chrainn

Tagann roinnt sloinnte ó chrainn. Tá sloinnte in úsáid ó thart ar thús an aonú haois déag ar aghaidh. Ar dtús rinneadh sloinne trí 'Mac' a chur le chéad ainm an athar, nó 'Ó' le chéad ainm seanathar. Le himeacht aimsire, áfach, úsáideadh slite eile chun sloinnte a dhéanamh, agus úsáideadh crainn ina measc.

Tá na sloinnte Ó Cuilinn, Mac Cuilinn agus Ó Cuilleanáin againn ón bhfocal **Cuileann**.

Tá na sloinnte Ó Draighneáin, Ó Sceacháin (ó sceach) agus Muimhneach (ón bhfocal muineach) againn ón bhfocal **Draighneán**.

Tá Dara agus Mac Dara againn ón **Dair**.

Tá malairt leagain ar **Choill** mar atá Ó Coillte, Ó Cuill, Ó Caoilte agus Mac Conchoille 'cú na coille'.

Is sloinne Gaelach i gCo. na Mí agus i gco. Chill Dara é Ághas. Ciallaíonn sé "an té a chonaíonn le hais an **chrainn fuinseoige**".

## Le déanamh agat

Bailigh roinnt *béaloidis* tú féin.

Fiafraigh de dhaoine níos sine ná tú féin i do theaghlach agus i do chomharsanacht cén úsáid a bhí ag crainn áirithe sna seanlaethanta. Fiafraigh faoi chrainn cosúil leis an draighneán, giúis an phortaigh, an dair dhubh, an fhuinseog, an coll, an tsaileach, agus an crann cuilinn.

Scríobh síos an t-eolas a fhaigheann tú agus tóg leat ar scoil é. Is féidir an t-ábhar seo a chur i nDialann Chrann an Ranga.

### Logainmneacha

An bhfuil aon *logainmneacha* i do pharóiste a thagann ó chrainn?

Má tá léarscáil mhór den cheantar ag do mhúinteoir, féach ar na logainmneacha atá uirthi. Muna bhfuil, scríobh síos liosta de na bailte fearainn ar fad atá i do pharóiste agus féach an bhfuil baint ag aon cheann acu le crainn. Go minic bíonn ainmneacha sráideanna agus eastáit tithíochta i gcaithreacha agus bailte a bhaineann le crainn. Féach an bhfuil an crann as a ainmníodh an tsráid nó an t-eastát ann i ndáiríre.

An ceart go roghnófaí ainmneacha sráideanna agus bailte go fánach nó an ceart go mbeadh baint acu leis an gceantar?

### Sloinnte

An bhfuil *sloinne* ag éinne i do rang a thagann ó chrann?

Tagann sloinnte daoine in Éirinn ó an-chuid foinsí. Déan liosta de na sloinnte (as Gaeilge) i do rang, sloinne do mhúinteora san áireamh. Féach an féidir leat búnús na n-ainmneacha a dhéanamh amach. Tá roinnt sloinnte atá doiléir agus níl a fhios ag na saineolaithe fiú amháin cén búnús atá leo. Tá leabhair thagartha ar shloinnte agus logainmneacha le fáil ó leabharlann má theastaíonn uait a thuilleadh eolais a fháil.

# Crainn san Fhilíocht

## Crann

*E. Ó Tuathail*

Is crann láidir mé,
Mo chosa sa chré,
Mo ghéaga ag luascadh
Go bríomhar sa ghaoth.

Na duilleoga glasa
Ag rince go gasta
Nach mé atá sátsa
Is crann láidir mé.

An Ghaoth agus na Duilleoga
Pádraig Mac Concoille

“Tagaigí liom, a dhuilleoga
Ag rince is ag léim
Brostaigí liom, a dhuilleoga
Chun áiteamma a dtéim”

“Buailfimid na fuinneoga,
líonfaimid an ród,
titfimid ar shráideanna,
is codlóimid gach fód.”

“Éistigí liom. A dhuilleoga,
Is mise, ar ndóigh, an Ghaoth.
Séidigí liom, a dhuilleoga,
Ag déanamh spóirt is spraoi.”
“Slán leat, a chrainn
is seanduilleoga sinn,
Táimid ag imeacht linn
Ag déanamh spóirt is grinn.”

## Séasúr na gCrann

*Deirdre Ní Chruinn*

Geimhreadh

Crainn lom ar lasadh
In anáil na gaoithe
Lúbtha, lingthe, ligthe
I bhfiabhras na stoirme
I bhfuacht na hoíche

Earrach
Bachlóga ar bís
Ag bogadh ‘s ag brú
Imbolc, féile Bríde
Ag súil is ag tnúth
Mar ghealach ar thaoide

Samhradh

Draíocht na maidine
I mbreacadh an lae
Géaga ar meisce
Sáimhín ar só
Torthaí i dtaisce
D’oíche ‘s de ló

Fómhar

Duilleoga daite
Caite san aer
Maoin órga na gcrann
Sínte ar an bhféar
Crampóga casta
Rianta na gcian
In ithir iallta
I gcúl an ghairdín



Tree Council of Ireland

# Crainn san Fhilíocht

## Duilleoga ar an Life

*Séamas Ó Néill (1910 – 1981)*

Duilleoga ar snámh,
Donn, geal is rua,
Ar abhainn na Life,
Ag seoladh le sruth.

Spréigh siad brat glas,
Ar bharra na gcrann,
Ar fuaid cuibhreann is coillte,
I bhfad, i bhfad ó shin ann.

Duilleoga ar snámh,
Lá ceoch fómhair,
Aag iompar na háilleachta,
Trí shráideanna dobhair
Sula dTiteann an Lann
Bríd Dáibhís
Ceard a líonfaidh an spéir dom
Nuair a bhéas tú ar lár
A leamháin mhaorga?
Céard air a dheanfaidh an ghrian
A láichín is do choirt theann réabhtha?
Ní heol do na héin
Ná don mhíol-domhan teacht an fhoréigin:
Rabhadh faoin scrios
Do thabharfainn dóibh, dá bhféadfainn.

Nach Breá Iad na Crainn
Bríd Dáibhís
Nach breá iad na crainn
Barr-fhásraí na bplandaí go léir!
Is breá é a nduilliúr
A thuugann dúinn scáth ón ngréin.
Tugann siad fothain don cholúr
Is do chuile shórt géim
'Gus is iontu 'tá cónaí
Ag na míolta is ísle céim.

Cén ní ar talamh
Atá chomh haoibhinn le crainn
A ngéaga san Earrach
Mar néalta glas' ós ár gcionn;
A laom-loisc sa bhFómhar
Aag gríosadh na bhfilí chun pinn;
Is i loime an Gheimhridh
Gach craoibhín ag feadaíl foinn.
Scaipeann na hinnill
Dubh-deatach ar fuaid na ndúl
Is leathann an-gháis
Go flúirseach san aer máguaird;
Ach spréann na crainn
Dea-gháis agus míe bua
Céad glóire do Dhia
A thug crainn sa timpeallacht dúinn!

## Rithim na gCrann

*Jude Nic Chárthaigh*

Crann
Fréamhach
Bachlógach
Bláthach
Duilleogach
Scáhach
Duillsilteach
Lom
Géagach
Beo.

# Crainn san Filíocht

## Cill Chais

*Ní fios cé a chum (Is fonn traidisiúnta Gaelach é seo chomh maith)*

Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmad
Tá deireadh na gcoillte ar lár,
Níl trácht ar Chill Chais ná a teaghlach
'S ní chluinfear a cling go brách
An áit úd ina gcónaíodh an dea-bhean,
Fuair gradam is meidhir thar mhná.
Bhíodh iarlaí ag tarraingt thar toinn ann
'S an tAifreann binn dá rá

Ní chluinfinn fuaim lachan ná gé ann,
Ná iolar ag éamh cois cuain,
Ná fiú na mbeacha chun saothair
Thugadh mil agus céir don slua.
Níl ceol binn milis na n-éan ann
Le hamharc an lae ag dul uainn
Ná an chuaichín i mbarra na gcraobh ann
A chuireadh an saol chun suain

Tá ceo ag titim ar chraobha ann
Nach nglanann le gréin ná lá
Tá smúit ag titim ón spéir ann
Is a cuid uisce go léir ag trá.
Ní coll, ní cuileann, ní caor ann
Ach clocha is maolchlocháin:
Páirc na foraoise gan craobh ann
Is d'imigh an géim chun fáin

## The song of Wandering Aengus

*W.B. Yeats*


I went out to the hazel wood,
Because a fire was in my head,
And cut and peeled a hazel wand,
And hooked a berry to a thread;
And when white moths were on the wing
Aand moth-like stars were flickering out,
I dropped the berry ina stream
And caught a little silver trout

When I had laid it on the floor,
And went to blow the fire aflame,
Something rustled on the floor,
And someone called me by my name:
It had become a glimmering girl
With an apple blossom in her hair
Who called me by my name and ran
And faded through the lightning air.

Though I am old with wandering
Through hollow lands and hilly lands
I will find out where she is gone
And kiss her lips and take her hands;
And walk among long dappled grass,
And pluck till time and times are done,
The silver apples of the moon,
The golden apples of the sun.

# Crainn mar
# Shuímh do phlandaí eile


An raibh a fhios agat gur féidir le crainn feidhmiú mar bhailte do phlandaí eile? Úsáideann grúpaí difriúla plandaí crainn mar dhromchla ar féidir leo fás air.



## Caonaigh


In áiteanna fliucha clúdaíonn caonaigh coirt na gcrann. I gcoillearnacha, go háirithe in áiteanna ina mbíonn an-chuid báistí, bíonn stoc an chrainn clúdaithe go hiomlán le cairpéad de chaonach glas. I gcoilltearnacha atá níos tirime, ní fhásann an caonach ach amháin ar thaobh na fothana de na crainn. Mar sin má shéideann an ghaoth aniar aneas de ghnáth mar a thárlaíonn in Éirinn fásann an ghaoth ar an taobh thuaidh thoir de na crainn.

## Raithneacha




Fásann raithneacha ar chraobha cothroma nó i ngabhal crann áit ar féidir le roinnt bheag cré a bhailiú. Is í an scim choiteann an ghnáthraithneach a fhásann ar chrainn agus go minic bíonn go leor acu ag fás ar chraobh amháin.

## Léicin




Is plandaí beaga liathghlasa iad léicin a fhásann ar chraobha na gcrann. Fásann siad ar chrainn loma agus mar sin ná cuardaigh iad ar chrainn atá clúdaithe le caonach nó eidhneán. Is cumasc de dhá shórt planda é an léicean, **alga** (nó feamainn) agus **fungas** (nó muisiriún). Níl aon fhréamhaca ag an léicean agus mar sin faigheann sé a chothú ar fad ón aer agus ón mbáisteach. Má tá an t-aer agus an bháisteach an-ghlan fásfaidh léicin mhóra mhothallacha ar na crainn. Má tá roinnt truailliú aeir ann, ní bhfaighidh tú ach léicin chrústacha ar na crainn. Má tá an t-aer an-salach, mar atá i láir na gcathracha agus na mbailte móra, ní bhfaighidh tu aon léicin ar na crainn in aon chor, díreach an chuid phúdrach algach . Fásann sé ina aonar mar phúdar glas a thagann den chrann ar do lámh.

## Fungais



Ní plandaí glasa iad fungais. Ní féidir leo a gcuid bia féin a dhéanamh agus mar sin caitheann siad maireachtáil ar phlandaí eile. Maireann an-chuid fungas ar chrainn mharbha agus is féidir teacht orthu trí dul ag féachaint ar lomán atá tite. Tá fungais an-tábhachtach mar déanann siad an crann marbh a dhíscaoileadh agus é a chur ar ais i bhforim chré aris. Maireann roinnt fungas ar chrain agus déanann siad dochar mar **pharaisítí**. Tá coirp thorthúlachta ag an gcuid is mó de na fungais – muisiriúin agus beacáin bhearaigh – san fhómhar.

## Plandaí ar leibhéil níos airde




Fásann eidhneán ar stoic an-chuid crann. Beireann sé greim ar an gcrann lena chuid fréamhacha agus cruthaíonn sé baile d'an-chuid feithidí a mhaireann idir na fréamhacha agus an crann. Is bia tábhachtach do na héin a chuid caora dubha a thagann amach déanach sa bhliain.

Fásann an drualus ar an dair agus ar chrainn úll chomh maith. Itheann smólaigh na caora, a bhfuil síolta an-ghreamaitheacha orthu. Bíonn ar na héin a ngob a ghlanadh ar choirt na gcrann eile agus mar sin leathnaíonn an drualus. Fásann sé san Fhrainc aít as a gceannaímid é le haghaidh na Nollag. Ní planda dúchasach é in Éirinn agus ní fhásfaidh sé ach amháin má chuirtear é.



Tree Council of Ireland

# Fungais



Is é an fómhar an t-am is fearr chun féachaint ar fhungas agus é a bhailiú.

### Beidh na rudaí seo ag teastáil uait


- ✶ Ciseán chun na fungais a chur isteach ann, má theastaíonn uait iad a thabhart ar ais.

  Níl málaí plaisteacha oiriúnach mar brútar na fungais ar a chéile iontu.


  Beidh na fungais ag fás i bpáirt leis na crainn ach ní gá go mbeidís orthu.

Is féidir go mbeadh fungais ar an talamh ag fás ar fhréamhacha na gcrann.

Fásann bracfhungas ar an leath íochtarach den chrann.



Is féidir go mbeadh fungais dhifriúla ar chrainn mharbha. Féach go cúramach orthu. Bain roinnt den choirt den chrann agus féach an féidir leat na snátha bána fungais laistiar di.



Is féidir féachaint ar lomáin mharbha leis. Díscaoileann fungais admhad marbh agus cuireann siad ar ais sa chré é.

Is féidir le duilleoga atá tite fungais dhifriúla a bheith orthu.



### Úsáid do shrón!

Tá boladh láidir míthaitneamhach ag a lán fungas agus mar sin is féidir iad a aimsiú trí bheith ag bolathaíl an aeir.

# Léicin

Féach ar an ngrúpa céanna crann agus féach cén sórt léicean (má tá siad ann) atá ag fás orthu.

Is féidir le léicin a bheith **crústúil** – greamaithe de choirt an chrainn. Ní féidir iad a bhaint gan píosa den choirt a thógáil in éineacht leo.

Is féidir le léicin a bheith **duilleogach**, a chiallaíonn go bhfuil siad cosúil le duilleoga cothroma, greamaithe d'áit amháin.



Is féidir leo a bheith **srúbach**, a chiallaíonn go bhfuil siad craobhach agus cosúil le píosaí beaga d'olann chruach.

Fásann crainn leis an trí shórt léicean in áiteanna ina bhfuil aer an-ghlan. Ní féidir le léicin shrúbacha aer salach a sheasamh in aon chor agus imíonn siad as nuair a éiríonn an t-aer salach. Is féidir le léicin dhuilleogacha cur suas le roinnt bheag truaillithe ach muna mbíonn ag fás ar chrainn agat ach léicin chrústúla ciallaíonn sé go bhfuil an t-aer an-salach.

Ní bheidh léicin ar an-chuid crann ach más féidir leat iad a aimsiú beidh a fhios agat conas mar atá cáilíocht an aeir.

# Faoin talamh

Thíos faoi na fréamhacha atá cónaí ar ainmhithe eile. Anseo sa chré tá péisteanna talún agus leithphéisteanna a fhaigheann a gcuid bia ón gcré agus a tharraingíonn duilleoga marbha anuas ón talamh. Feidhmíonn na fréamhacha mar fhraitheacha do bhrocaisí agus do phluaiseanna an mhadra rua a thoclaíonn na hainmhithe seo faoin gcrann.



Tree Council of Ireland

# Foraoiseacht na hÉireann

Chríochnaigh an oighearaois dheireanach thart ar deich míle bliain ó shin. Ag an am sin ní raibh aon phlandaí ná ainmhithe in Éirinn. Nuair a d'éirigh an aimsir níos teo agus nuair a leáigh an t-oighear, tháinig ainmhithe ar an láthair agus thosaigh plandaí ag fás. Ar feadh trí mhíle bliain níor chuir daoine isteach ar na hainmhithe seo.

Nuair a tháinig na chéad daoine go hÉirinn timpeall seacht míle bliain ó shin chonaiceadar go raibh an tír clúdaithe i gcoillearnacha fuinseoga agus troma ar an gcré thorthúil, an fhearnóg agus an tsaileach in áiteanna fliucha, an dair agus an coll ar an gcré aigéadach agus an péine agus an bheith ar thaobhanna na sléibhte.

Ach theastaigh talamh ó na daoine le haghaidh feirmeoireachta agus go mall thosaigh siad ag glanadh roinnt de na foraoiseacha. Úsáideadh adhmad chun tithe a thógaint, le haghaidh longa agus le haghaidh breosla. Faoin 17ú haois déag ní raibh aon fhoraoiseacha fágtha ag cuid mhaith d'oirthear na tíre.


De réir mar a d'fhás daonra na hÉireann méadaigh ar an éileamh a bhí ann i gcomhair adhmaid sa tslí nach raibh mórán foraoiseacha fágtha againn faoi lár an 19ú haois déag. Tar éis na hoihgearaoise bhí an tír ar fad clúdaithe le foraoiseacha. Faoi 1920 ní raibh ach leath de 1% den tír faoi chrann.

Thosaigh rialtas na hÉireann ag cur coillearnacha ag an am sin agus lean siad ar aghaidh á dhéanamh ón am sin ar aghaidh. Cuirtear crainn bhuaircíneacha den chuid is mó mar go bhfásann na crainn seo, ar chrainn dhúchasacha iad i dtíortha ó thuaidh, go han-mhaith in Éirinn.

Tá sprús, learóg, péine agus giúis curtha in ár gcoillearnacha. Tá anois níos mó ná 7% den tír clúdaithe le foraiseacha. Tá foraoiseachta an-tábhachtach dár eacnamaíocht agus soláthraíonn sé roinnt mhaith fostaíochta.

# Crainn mar Phictiúir den Saol Fadó

Is féidir leat an aois a bhí ag crann a dhéanamh amach trí na fáinní ina stoc a chomhaireamh. Stopann crainn ag fás sa gheimhreadh. Nuair a thagann duilleoga ar na crainn san earrach déanann na crainn ráig thobann fáis. Leanann an crann ar aghaidh ag fás níos moille i rith an tsamhraidh go dtí go dtagann an fómhar. Ansin titeann na duilleoga den chrann agus stopann an fás.



An bhliain ina dhiadh sin, tarlaíonn an rud céanna arís. Nuair a fhéachann tú ar thrasghearradh crainn a leagadh is féidir leat fáinní a fheiceáil. Is ionann gach ceann acu agus bliain fáis ag tosú leis an earrach agus ag críochnú san fhómhar. Trí na fáinní a chomhaireamh is féidir leat aois an chrainn a dhéanamh amach.

Ach is féidir leis na fáinní seo níos mó ná aois an chrainn a insint dúinn. Mar atá a fhios agat ní bhíonn an aimsir díreach mar an gcéanna gach bliain. Bíonn blianta áirithe níos oiriúnaí d'fhás na gcrann ná blianta eile. I mbliain mhaith bíonn an fáinne i bhfad níos mó ná mar a bhíonn i mbliain nach raibh go maith d'fhás na gcrann. Má leagaimid grúpa crann den speiceas céanna, an dair mar shampla, beidh an patrún fáinní mar an gcéanna i ngach ceann acu.

Dá bharr sin, is féidir ilphatrún a dhéanamh amach d'fháinní na darach ag úsáid crainn atá níos sine agus níos sine arís chun an patrún a thabhairt níos faide siar in am.

Anois go bhfuil an t-ilphatrún againn is féidir linn é a úsáid chun adhmad na darach i bhfoirgnimh sheanda, i bportaigh agus i dtochailtí seandálaíochta a dhátú. Níl le déanamh ach na fáinní a nochtadh agus iad a chur i gcomparáid leis an ilphatrún agus féachaint cad iad na dátaí a fhreagraíonn do na fáinní. Tugtar **deindeachróineolaíocht** ar seo.

## Dátú Crann in Eamhain Macha

Tá Eamhain Macha cóngarach do chathair Ard Mhacha. Is suíomh tábhachtach Ceilteach é ina bhfuil roinnt créthógála. Is é Dún na hUaimhe an créthógál ciorcalach is mó in Emhain Macha. Cé go dtugtar dún air níor úsáideadh é le haghaidh cúrsaí cosanta.

Léiríonn méid an dúin gur láthair an-tábhachtach ba ea é. Úsáideadh é le haghaidh lonnaíochta le linn na Nua-Chlochaoise, na Cré-Umhaoise agus na hIarannaoise. Le linn na hIarannaoise úsáideadh é chun críche deasghnátha.

I gcumadh an chairn tógadh creatlach ollmhór adhmaid 40 méadar sa trastomhas I dtosach. Is féidir é a dhátú don bhliain 94 R.C. toisc gur mhair an cuaille láir, a bhí curtha síos san fhochré, le haghaidh dátaithe.

Ceaptar gur pálás nó teampall ríoga a bhí i nDún na hUaimhe toisc go bhfuil sé chomh mór sin.



Tree Council of Ireland

# Aibítir na gCrann

Sa chianaois in Éirinn, sular úsáid daoine na litreacha agus an scríbhneoireacht atá in úsáid againn inniu, úsáideadh foirm scríbhneoireachta ar a dtugtar **Ogham**.

Is féidir linn samplaí de seo a fheiceáil fós, ar chlocha seasta i seanshuímh mhanachúla, in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus i Músaem Uladh chomh maith.

Tháinig ogham ó fhoirm scríbhneoireachta a bhí ann níos luaithe, Aibítir na gCrann, inar úsáideadh litreacha a tháinig ó ainmneacha na gcrann a raibh taithí ag daoine orthu. Ní raibh ach fiche litir san aibítir seo.

| | | |
|---|---|---|
| A | (ailm) | An Péine Albanach |
| B | (beith) | An Bheith |
| C | (coll) | An Coll |
| D | (dair) | An Dair |
| E | (eadhna) | An Crann Creathach |
| F | (fearn) | An Fhearnóg |
| G | (Ivy) | An tEidhneán |
| H | (huath) | An Sceach Gheall |
| I | (idho) | An tIúr |
| L | (luis) | An Caorthann |
| M | (muin) | An Dris |
| N | (nion) | An Fhuinseog |
| Ng | (ngetal) | An Ghiolcach |
| O | (onn) | Aiteann |
| Q | (quert) | Úll |
| R | (ruis) | An Trom |
| S | (saille) | An tSaileach |
| T | (tinne) | An Cuileann |
| U | (urra) | Fraoch |
| Z nó SS | (straif) | An Draighneán Donn |




Tree Council of Ireland

# Triail - A thaispeáint conas a ardaíonn uisce i ngas

## An méid atá uait

- Buidéal amháin de dhathú bia
- Roinnt bláthanna nuabhainte mar lusanna an chromchinn nó lusanna na gile ( Tá lusanna na gile bána an-oiriúnach)
- Eiríonn go maith leis an triail seo freisin le gais den soilire.




## Na rudaí a dhéanann tú:

- Cuir an bláth ina sheasamh i mbuidéal nó i bpróca le dathú bia lagaithe.
- Fág gan cur isteach air ar feadh uair an chloig.

Anois freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a tharla don bhláth?

______________________________________________


2. Cén fáth ar tharla seo dar leat?

______________________________________________

3. Cén eolas a thugann se seo dúinn faoin treo a théann uisce i bplanda?

______________________________________________

4. Déan léaráid den méid atá feicthe agat?





Tree Council of Ireland

# Triail- An bhfuil solas riachtanach do phlandaí?

### An méid atá uait

- Cairtchlár (30cm x 30cm)
- Paiste Féir

### An rud a dheanann tú:

- Leag mata, clár nó píosa cairtchláir ar phaiste féir (30cm x 30cm)

### Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén dath a bhí ar an bhfear sular chlúdaigh tú é?

______________________________________________

Fág ann é ar feadh seachtaine agus ansin féach ar an bhféar faoina bhun.


2. Cad iad na hathruithe a thugann tú faoi deara?


______________________________________________

Bain an clúdach de agus scrúdaigh an féar arís i gceann dhá lá.

3. Cad iad na hathruite a thugann tú faoi deara anois?

______________________________________________





# Triail - An bhfuil solas riachtanach do phlandaí?

**Cad a tharlaíonn nuair a mhéadaítear an teocht thart ar phlandaí atá ag fás?**

## An méid atá uait

- Soitheach glan
- Paiste féir nó clár síl le síolta atá ag fás

## Na rudaí a dhéanann tú

- Cuir soitheach glan anuas ar phaiste féir nó anuas ar aon chuid de na síolta atá ag fás sa chlár síl.
- Tabhair faoi deara an éifeacht a bhíonn ag an teach gloine beag seo trí chomparáid a dhéanamh idir an féar nó an chuid den chlár síl atá clúdaithe ag an soitheach agus an ceann nach bhfuil clúdaithe.

## Freagair na ceisteanna seo a leanas:



1. An bhfuil aon difríocht idir an féar ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh?

___

2. Cad is cúis leis na difríochtaí seo?

___

3. Cén fáth?

___





Tree Council of Ireland

# Trialacha le fungais

## Triail 1

### An méid atá uait

- Croíthe úill agus arán
- Gloine formhéadaithe
- Malaí plaisteacha
- Corda nó croisanna leaisteacha

### Na rudaí a dheanann tú

- Cuir an toradh i mála plaisteach glan agus an t-arán i gceann eile. Cuir roinnt uisce i ngach mála. Ceangail na málaí agus coiméad sa teas ar feadh seachtaine.

**Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a tharla don arán nó an bhfuil sé mar a bhí cheana?

______________________________________________

2. Cad a tharla don úll nó an bhfuil sé mar a bhí cheana?


______________________________________________

Faigh gloine formhéadaithe, cad a fheiceann tú?

______________________________________________

3. An bhfuil aon difríochtaí idir na hathruithe ar an arán agus na hathruithe ar an úll?


______________________________________________






# Trialacha le fungais

### Triail 2







### An méid atá uait

- 3 shlisne aráin
- lipéid

### Na rudaí a dhéanann tú:

- Cuir an t-arán ar 3 phláta ar leith.
- Cuir uisce ar shlisne amháin, bainne ar an dara ceann agus fág an tríú ceann tirim.
- Cuir gach ceann acu i mála plaistaic, cuir lipéid A, B agus C orthu agus fág in áit te ar feadh seachtaine.




### Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a thug tú faoi deara a tharla don arán i ngach pláta?


A: ______________________________

B: ______________________________

C: ______________________________

2. An bhféadfadh sé seo tarlú don bhulóg aráin atá agat sa bhaile?

______________________________________________






Tree Council of Ireland

# Trialacha do bheith ag faire ar shíolta ag fás

### An méid atá uait




- Soitheach glan
- Roinnt síolta (Píseanna nó pónairí ar na cinn is oiriúnaí)
- Tuáille páipéir
- Páipéar nuachta nó múirín
- Lipéid

### Na rudaí a dhéanann tú:



- Clúdaigh an taobh istigh den phróca le tuáille páipéar atá tais.
- Líon an próca le páipéar nuachta tais nó le múirín.
- Cuir na síolta isteach idir an tuáille páipéir agus an soitheach.


  (A) Cuir síol amháin ar a thaobh
  (B) Síol eile dírithe suas
  (C) Síol eile dírithe síos
  (D) Agus ceann eile leata ar a thaobh



- Cuir ar leac na fuinneoige le haghaidh fáis.
- Déan deimhin de go gcoimeádtar an páipéar tais.
- Tabhair faoi deara go grinn conas mar a fhásann na síolta.

### Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. An bhfásann na síolta uile sa tslí chéanna? _____________




Déan an fhréamh agus an péacán a aithint.


2. Cad iad na difríochtaí idir na síolta?

A: ________________________________________

B: ________________________________________

C: ________________________________________

D: ________________________________________



# Trialacha do bheith ag faire ar shíolta ag fás


3. Cad is féidir leat a rá faoin treo atá ag fás na fréimhe agus fás an phéacáin?

A: ______________________________________________

B: ______________________________________________

C: ______________________________________________

D: ______________________________________________






Tree Council of Ireland

# Triail: A thaispeáint conas a fhásann plandaí i dtreo an tsolais


### An méid atá uait

- Dhá bhosca bróg
- Dhá phota bheag de shíolta agus iad ag fás cheana féin




### Na rudaí a dheanann tú:

- Gearr poll i mbarr bosca amháin (A) agus cuir na síolphlandaí atá ag fás laistigh.
- Gearr poll ar thaobh an bhosca eile (B) agus cuir na síolphlandaí laistigh.
- Cuir an dá bhosca ar leac fuinneoige le haghaidh fáis ar feadh seachtaine amháin.
- Cuir uisce orthu go tráthúil chun iad a choiméad tais.






### Cad a thugann tu faoi deara?

Samhlaigh gur tusa an síolphlanda, cén difríocht atá ann a bheith i:

BOSCA A: ________________________________

BOSCA B: ________________________________












Tree Council of Ireland

# Triail: A thaispeáint conas a fhásann plandaí i dtreo an tsolais




**Triail 2:**

**An méid atá uait**

- Dhá phlanda pota folláine, cinn arda sea is fearr.
- Lipéid

**Na rudaí a dheanann tú:**

- Déan planda A a fhás ina sheasamh mar is gnách ar leac fuinneoige
- Cuir planda B ar a thaobh

An dtugann tú faoi deara cad a tharlaíonn do phlanda A?

________________________________________




An dtugann tú faoi deara cad a tharlaíonn do phlanda B?

________________________________________


Tar éis cupla lá cuir an planda seo ina sheasamh arís.


1. Cad a cheapann tú a tharlóidh?


________________________________________

2. Tar éis roinnt ama, cad a thugann tú faoi deara?

________________________________________





Tree Council of Ireland

# Titim an duilliúir

**An méid atá uait**

**Teacht ar shaghsanna éagsúla crann go féiltiúil.**

**Na rudaí a dheanann tú:**

Faoi Mheán Fhomhair/tús Dheireadh Fómhair ba chóir duit na saghsanna éagsúla crann a aithint, ag baint feidhme as Postaer Chomhairle na gCrann (mar áis). Ansin tabhair faoi deara na hathruithe a thagann ar duilleoga gach aon chrann díobh i rith tús an fhómhair.

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi na duilleoga atá roghnaithe agat:

1. Cad iad na difríochtaí idir crainn síorghlasa agus crainn dhuillsilteacha?

______________________________________________

2. Cad iad na saghsanna crann inar tharla athrú ar dhath na nduilleog i dtosach? ______

3. Cé acu a thiteann i dtús báire?______________________________


4. Cén fhaid a ghlacann sé ar na duilleoga go léir titim? ____________________

5. An mbíonn an cur chuige céanna ag na crainn go léir den chine céanna? __________

6. Cad is chúis do thitim an duilliuir dar leat? ______________________

7. Cad a tharlaíonn i rith an gheimhridh. An bhfanann na duilleoga feoite go léir ar chóimhéid?


______________________________________________





Tree Council of Ireland


# Triail: A thaispeáint conas a dhéanann báisteach aigéadach dochar do phlandaí.




**Rudaí atá uait:**

- Trí bhuidéal phlaisteacha le dhá líotar i ngach buidéal.
- Cupán
- Trí phlanda i bpotaí
- Buidéal fínéagair nó sú líomóide
- Sé lipéad

**Na rudaí a dhéanann tú:**




- Lion buidéal amháin le huisce agus cuir lipéad 'uisce' air.


- Doirt an ceathrú cuid de chupán fínéagair isteach i mbuidéal amháin agus líon suas le huisce é.  Cuir lipéad 'beagán aigéid'/ 'aigéad lagaithe' air.

- Doirt cupán lán d'fhinéagar isteach sa triú buidéal, líon suas le huisce é agus cuir lipéad 'mórán aigéid'/ 'aigéad tiubhaithe' air.

- Cuir lipéid ar na potaí ar aon dul leis na lipéid ar na buidéil.

- Cuir na plandaí gar dá chéile ar leic na fuinneoige

- Cibé am a bhíonn uisce de dhíth ar na plandaí (Gach 3 nó 4 lá) cuir uisce ar gach ceann le huisce ón mbuidéal a oireann dá lipéad.




1. Féach cá fhad a thógann sé tionchar an aigéid a thaispeáint.
2. Cad a thugann tú faoi deara maidir leis na plandaí?

Tabhair faoi deara aon athruithe a tharlaíonn.

Uisce: ____________________________________________


Beagán aigéid: ____________________________________________

Mórán aigéid: ____________________________________________



Tree Council of Ireland

# Teastaíonn uisce ó phlandaí



**Rudaí atá uait:**

- 3 phlanda folláine i bpotaí – prátaí nó geiréineam
- lipéid 1, 2 agus 3

**Rudaí a dhéanann tú:**

- Cuir uisce ar phlanda 1 mar is gnách.
- Ná cuir aon uisce ar phlanda 2.
- Cuir planda 3 faoi uisce go seasmhach i mbuicéad uisce go doimhneacht 15cm

**Tabhair na plandaí faoi deara agus freagair na ceisteana seo:**


1. Cén difríocht atá idir na trí phlanda seo?:


1: ____________________

2: ____________________

3: ____________________

2. Cá fhad a thaispeánann siad comharthaí athruithe? ____________________









Tree Council of Ireland

# Tá aer riachtanach do phlandaí






### Rudaí atá uait

- 2 phróca suibhe le clúdaigh
- Flocas cadáis tais
- Roinnt síolta – mar shampla píseanna nó biolar
- Lipéid

### Rudaí a dhéanann tú:


- Cuir an flocas cadáis tais ag bun na bprócaí suibhe.
- Cuir roinnt síolta ar an bhflocas cadáis agus lig dóibh péacadh.
- Nuair atá na síolta ag fás go maith, déan ceann de na prócaí a shéaladh go docht, lipéad A.
- Fág an próca eile gan chlúdach, lipéad B.


Tabhair faoi deara cad a tharlaíonn tar éis cúpla lá

Próca A: ______________________________

Próca B: ______________________________


Cén fáth: ______________________________





# Triail - Staidéar ar Fheithid choitianta sa Choillearnach

### Míol Críon



Ba chóir go mbeadh sé easca roinnt míolta críona a bhailiú agus iad a choiméad i mbosca sa seomra ranga ar feadh cúpla lá. Itheann siad plandaí feoite, go háirithe adhmad. Is gá iad a choiméad in áit atá tais agus fuar. Bheadh gloine formhéadaithe úsáideach chun iad a thabhairt faoi deara go grinn.

**Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén dath atá ar an gcréatúr seo? ______________________

2. An mó cos faoi? ______________________

3. An mó alt i ngach cos? ______________________

4. An ngluaiseann sé go mall nó go tapa? ______________________

5. An bhfuil eiteoga aige? ______________________

6. Cad a itheann sé? ______________________

7. Conas a ghluaiseann sé? ______________________


8. An bhfuil ceann aige? ______________________

9. Iompaigh timpeall é agus scrúdaigh é. Cad a thugann tú faoi deara? ______________________

10. An mbíonn adharcáin aige sa chuid tosaigh dá chorp? ______________________



11. Bain feidhm as na freagraí thuas chun mionléaráid a dhéanamh den mhíol críon.




12. Cén obair a dhéanann sé san fhásach? ______________________

# Trialacha le duilleoga 1


### Rudaí atá uait

- Trí phlanda pota ar fhochupáin
- Dhá mhála plaisteacha glan
- Criosanna leaisteacha
- Lipéid




### Rudaí a dhéanann tú

- Cuir mála anuas ar dhuilleoga phlanda B agus ceangail é timpeall an ghais le crios leaisteach.
- Cuir mála anuas ar phlanda agus ar phota phlanda B. Cuir crios leaisteach timpeall an phota chun é a shéaladh.
- Fág planda C mar atá.
- Cuir na trí phlanda ar leac fuinneoige agus fág ann iad ar feadh cúpla lá.
- Cuir uisce ar na plandaí trína dhoirteadh go díreach isteach sa fochupán.




### Cad a thugann tú faoi deara?


1. Cad a thagann ar an taobh istigh de na málaí?

   ______________________________

2. Cad as a thagann sé seo?

   ______________________________

   ______________________________




______________________________________________



3. An bhféadfadh uisce ardú ón múirín? ______________________

4. Cen chuid den phlanda a ghlacann uisce isteach? ______________




Tree Council of Ireland

# Trialacha le Duilleoga 2


### Rudaí atá uait

- 4 dhuilleog mhóra, chomh húr agus is féidir
- Corda
- Veasailín
- Lipéid




### Rudaí a dhéanann tú

- Leath Veasailín ar dhromchla uachtarach dhuilleog 1
- Leath Veasailín ar dhromchla íochtarach dhuilleog 2.
- Leath Veasailín ar dhá dhromchla dhuilleog 3.
- Fág duilleog 4 mar atá.
- Cuir an corda trí na duilleoga agus fág ar chrochadh ar feadh seachtaine amháin.




### Cad a thug tú faoi deara a tharla do gach duilleog:

Duilleog 1:

________________________________________

Duilleog 2:


________________________________________

Duilleog 3:

________________________________________

Duilleog 4:

________________________________________



Línigh duilleoga 1 go 4 roimh agus i ndiaidh na trialach.





Tree Council of Ireland

# Mionstaidéar a dhéanamh ar chrann amháin

**Roghnaigh crann amháin atá suite in áit shábháilte gar don scoil. Féach ar an gcrann go grinn agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén ainm atá ar an gcrann atá ainmnithe agat? ____________________
2. An gcailleann sé a dhuilleoga san fhómhar? ____________________
3. An bhfuil na duilleoga ar nós snáthaide nó leibhéalta? ____________________
4. Cad é leithead an chrainn (déan an tomhas aon mhéadar ón talamh)?

   ____________________________________________
5. An bhfuil an choirt garbh nó mín? ____________________
6. Cén dath atá ar an gcoirt? ____________________
7. An bhfuil aon chrotal nó caonach ag fás ar an gcoirt? ____________________
8. An bhfuil aon eidhneán nó raithneach ag fás uirthi? ____________________
9. An bhfuil aon damáiste nó galar le feiscint? ____________________
10. Féach ar na duilleoga. Cé acu focail a thugann cuntas ar a gcruth? __________
11. Déan cur síos ar chiumhaiseanna na nduilleog? ____________________
12. Cad iad na plandaí atá ag fás faoin gcrann? ____________________
13. An féidir leat aon neadacha a fheiscint? ____________________
14. An bhfuil na géaga ag fás suas, amach nó síos? ____________________
15. An bhfuil aon síolta ag an gcrann? Má tá, déan cur síos orthu.

    ____________________________________________
16. Conas a scaiptear na síolta ón gcrann?

    ____________________________________________
17. Corraigh an múirín duilliúir atá faoin gcrann. Cad a d'aimsigh tú?

    ____________________________________________






Tree Council of Ireland

# Mionstaidéar a dhéanamh ar chrann amháin

18. Seas  siar fad áirithe ón gcrann agus tarraing a imlíne.

# Crann a chur don Bheach Mheala

**Sliocht as aitheasc a thug Daniel F. Deasy ag Lá Curtha na gCrann a mBéal an Átha, Contae Mhaigh Éo, ar 13 Márta, 2000.**



Riamh anall bhí Coillirnigh mar ghnáthóg náisiúnta ag Beacha Meala agus, ar ndóigh, ag an uile chineál eile d'fheithidí a phailníonn.

Soláthraíonn crainn agus luibheanna a mbíonn neachtar agus pailín acu foinsí luachmhara bia do Bheacha Meala. Meastar go gcuirfidh crann Teile lánfhásta oiread neachtair ar fáil agus acra den seamar.

Cuireann crainn go mór le háilleacht agus nádúr na tuaithe freisin. Meallann siad turasóirí chugainn. Soláthraíonn siad adhmad agus breosla dúinn. Feabhsaíonn siad mianach na timpeallachta, cuireann siad fothain ar fáil d'fhoirgnimh, do bharraí agus stoc. Cabhraíonn siad chun radharcanna míthaitneamhacha a cheilt agus déanann siad soláthar do chaomhnú an fhiadhúlra.

Maíonn saineolaithe anois gur féidir le crann lánfhásta amháin an aonocsaíd carbóin a sholáthraíonn deich ngluaisteán a shú isteach.

Is í an dair an crann is luachmhaire chun tacú leis an bhfiadhúlra. Measadh go dtugann an crann darach tacaíocht do níos mó ná 80 cineál difriúla d'fheithidí.

Níl cleachtais nua-aimseartha feirmeoireachta go maith don bheachaireacht: drochthalamh á tabhairt chun míntíreachais, claíocha agus fálta á leagan ag ollscartaire agus fáil cois bhóthair á ngearradh agus á ndíogáil – chuir an obair seo deireadh le fóinsí saibhre de neachtar agus páilín, agus níos measa fós scríosadh an ghnáthóg nádúrtha a bhí ag éin bheaga agus cineálacha éagsúla d'fheithidí.

Ba chóir cosc a chur le gearradh na bhfálta ó lár Márta go dtí lár Iúil mar is é seo an t-am is tábhachtaí d'ainmhithe a dhéanann neadacha.

Tá eidhneán ina fhoinse luachmhar le haghaidh neachtair agus pailíne d'ár mBeacha. Cuireann sé fothain ar fáil d'ár n-éin agus d'ár bhfeithidí i rith an gheimhridh agus soláthraíonn a chaora bia d'ár n-éin.



Cúpla seachtain ó shín, bhí mé ag plé staid na timpeallachta mar atá faoi láthair le seanfhear. Chuir sé in iúl dom agus é brónach go maith nach mbainfidh sé taitneamh riamh arís as bláthanna ón Sceach Gheal agus é ag siúl síos a bhóthar aitiúil.


Bhí na bláthanna sin ina n-ábhar draíochta dom mar leanbh – bláthanna ón Sceach Gheal ag déanamh stua d'ár mbóthar sa chaoi go raibh sé cosúil le tollán bán agus boladh cumhra as.



Tree Council of Ireland


Tá an-chuid crann a sholáthraíonn neachtar inár gceantair uirbeacha ag imeacht chun slí a dhéanamh do dhúfair choincréite.  Mar bharr ar an mí-ádh tá na mílte d'ár gcrainn Leamháin mhaorga scriosta ag an nGalar Leamháin ón Ollainn.

Seo a leanas liosta de na crainn agus de na toir is fearr a chuireann neachtar agus pailín ar fáil: Na Mailpeanna, na Crainn Cno Capaill, na Leamháin, na Crainn Darach, na Feánna, na Colla, na Sceacha Geala, na Crainn Sailí, na Crainn Gallchnó.  San áireamh sna toir tá: an Fiúise (Deora Dé), an Crann Cuiríní, Cotóinéastar, Pyracantha, an Cuileann, an Crann Silíní.



Go deimhin, tá an-chuid is mó de na toir i do ghairdíní go maith do bheacha.  Ní cóir duinn dearmad a dhéanamh ach oiread, ar ndóigh, ar na crainn toraidh inár n-úlloird idir bog agus cruaidh, mar is foinse shaibhir iad do neachtar agus pailín.

Bhi Daniel F. Deasy (nach maireann) ina Leas-Uachtarán agus ina Oifigeach Chaidrimh Phoiblí ag Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann.  Bhí sé freisin mar dhuine de na baill a bhunaigh Comhairle Crann na hÉireann.



# Crainn inár n-oidhreacht


Nuair a tháinig na céad daoine go hÉirinn tar éis na hOighearaoise – thart ar 9000 bliain ó shin, tháinig siad chuig tír a bhí clúdaithe go hiomlán le coillte. Bhí coillirnigh d'fhuinseog agus de leamhán ar an ithir mhaith, coillirnigh de dhair agus cuileann ar an ithir aigéadach agus foraoiseacha den Phéine Albanach thuas ar na sléibhte. Mhair siad, chuaigh siad ag fiach agus chodail siad sna coillte seo, agus mar sin bhí siad an-eolach ar na crainn go léir. Dob eol dóibh cé acu a bhí go maith le haghaidh dó mar dhein siad cocáireacht os cionn tinte adhmaid. Bhí orthu a bheith eolach ar na cinn a raibh torthaí agus cnónna inite acu. Bhí sé riachtanach go mbeadh fhios acu faoi na crainn a bhí láidir go leor chun sciatha agus rothaí a dhéanamh do charbaid. Fuair siad amach go tapa cé acu a bhí solúbtha go leor chun frámaí ti, ciseáin agus boghanna a dhéanamh astu. Agus thuig siad ar ndóigh cé acu a raibh draíocht ag baint leo agus a choiméad an drochrud uathu.

Dá bhrí sin ní hiontas ar bith é nuair a thosaigh na Gaeil ag scríobh síos an focal labhartha, gur bhain siad feidhm as na hainmneacha a bhí acu do chrainn chun an aibítir a dhéanamh.

Thosaigh scríbhneoireacht in Éirinn sa cheathrú haois agus séard a bhí inti ná greanadh ar chlocha. Tugadh OGHAM ar na scríbhneoireacht seo – linte díreacha a d'fhéadfaí a ghreanadh go héasca. Bhi 20 litir OGHAM ann a ainmíodh as crainn nó as plandaí a raibh déanamh toir orthu.

Tháinig an aibítir Éireannach níos déanaí agus baineadh feidhm aisti suas go dtí na seascaidí den aois seo caite. Tá 18 litir san aibítir Éireannach, 17 de na litreacha ogham tosaigh maille leis an litir P.

Taispeántar na haibítrí seo le hainmneacha na gcrann a fhreagraíonn dóibh ar chúl an leathanaigh.





Tree Council of Ireland

# Aibítir na gCrann Éireannach



| | |
|---|---|
| I | Iúr |
| E | Crann Creathach |
| U | Fraoch |
| O | Aiteann |
| A | Péine Albanach |
| R | Trom |
| Z | Draighean |
| Ng | Giolcach |
| G | Eidhneán |
| M | Dris |
| Q | Úll |
| C | Coll |
| T | Cuileann |
| D | Dair |
| H | Sceach Gheal |
| N | Fuinseog |
| S | Saileach |
| F | Fearnán |
| L | Caorthann |
| B | Beith |



Dair




Fuinseog





Tree Council of Ireland

# Le Déanamh



## Le déanamh 1

**An féidir leat d'ainm a scríobh in Ogham?**

Cuimhnigh go scríobhtar Ogham on mbun suas – litir amháin os cionn cinn eile.  Tá line lárnach ingearach ag an uile litir, agus is minic an líne sin mar chúinne den chloch Ogham ar a bhfuil siad greanta.

**Tabhair faoi deara nach bhfuil aon J, K, P, V, W, X nó Y san aibítir Ogham.**

## Le déanamh 2

**An féidir leat na crainn agus na plandaí a sheasann do litreach d'ainme a ainmniú?**

Breathnaigh ar na crainn seo muna bhfuil siad ar eolas agat.  Féach an féidir leat iad a aimsiú ag fás in aice leat.



Saileach



Crann Creathach



Péine Albanach




Fuinseog

## Le déanamh 3

**Cad is ainm duit i nGaeilge?**
**An féidir leat seo a scríobh sna seanlitreacha Éireannacha?**


Cuimhnigh nár baineadh feidhm as H ach amháin ag tús focail agus i ndiaidh consaine (sé sin – ní guta)  Cuireadh seimhiú ina áit anuas ar an gconsain.





Tree Council of Ireland

# Cé chomh tábhachtach agus atá tú?



Bhi crainn luachmhar in Éirinn fadó; b'fhiú níos mó cuid acu ná an chuid eile. Seo a leanas liosta de luachanna na gcrann dúchasach agus na bplandaí adhmadacha in Éirinn. Tá na cinn is luachmhaire i nGrúpa A agus na cinn is lú luach i nGrúpa D.

*TABHAIR FAOI DEARA:* **Tá níos mó crann ann ná litreacha.**

### GRÚPA A - UAISLE NA COILLE

| Crann | Litir |
|---|---|
| Dair | D |
| Coll | C |
| Cuileann | T |
| Iúr | I |
| Fuinseog | N |
| Péine Albanach | A |
| Úll | Q |

### GRÚPA B - CINN COITIANTA NA COILLE

| Crann | Litir |
|---|---|
| Fearnóg | F |
| Saileach | S |
| Sceach Gheal | H |
| Caorthann | L |
| Beith | B |
| Leamhán | - |
| Silín Fiáin | - |



Cuileann Iúr Fuinseog Péine Albanach

### GRÚPA C - RANNA ÍSLE NA COILLE

| Crann | Litir |
|---|---|
| Draighean | Z |
| Trom | R |
| Crann Creathach | E |
| Feoras | - |
| Bíoma Bán | - |
| Caithne | - |
| Aiteal | - |


### GROUP D - BUSHES OF THE WOOD

| Crann | Litir |
|---|---|
| Aiteann | O |
| Dris | M |
| Fraoch | U |
| Raithneach Mhór | - |
| Giolcach Shléibhe | - |
| Conrós | - |
| Raideog | - |





Tree Council of Ireland




# Le Déanamh 4

**Déan liosta de na crainn a sheasann do d'ainm. Cén grúpa lena mbaineann gach aon cheann díobh.**

Tabhair faoi deara: Níl roinnt de na crainn a sheasann do litreacha sna haibítrí Ogham agus Éireannacha curtha san áireamh sa liosta seo. Mar sin, má tá na litreacha P,G no H i d'ainm, níor measadh an crann nó an tór a bheith sách luachmhar chun é a chur isteach i liosta D fiú.

Cé acu grúpa a bhfuil an méid is mó litreacha sa ghrúpa lena mbaineann tú?

An duine coitianta nó duine uasal thú?
Tá dhá litir ag Seán sa ghrúpa uasal, mar sin is duine uasal é.




Dair

# Le Déanamh 5

**An féidir leat a dhéanamh amach cén úsáid a baineadh as gach planda ar na liostaí in Éirinn fadó?**


**An bhféadfá smaoineamh ar chúiseanna a raibh cuid acu tábhachtach go leor chun bheith ar liosta A?**





Tree Council of Ireland

# Crainn agus Plandaí le draíocht



Tá comhcheangal ag **CAORTHANN**, **TROM**, **SCEACH GHEAI**, **CUILEANN** agus **EIDHNEÁN** le draíocht.


Chosain **CAORTHANN** bainne agus táirgí bainne í gcoinne olcais osnádúrtha. Coimeádadh é sa bhóitheach chun na ba a chosaint, cuireadh timpeall na cuinneoige é chun a chinntiú nach ngoidfí sochar an bhainne. Thiomáin tréadaithe beithígh le slaitíní den chaorthann.

Tugadh **CAORTHANN** sa churrach chun an t-ádh a thabhairt ar ais go dtí an iascaireacht. Ceanglaíodh é mar choiléar ar chú chun a luas a mhéadú. Baineadh feidhm as freisin chun cosc a chur leis na mairbh éirí ón mbás (agus is cosúil go raibh san an-éifeachtach!)

Crann mí-ámharach ba ea an **TROM** toisc gurbh é an crann ar ar chroch/údás é féin. Bhí an méid sin díomá ar Dhia nuair a deineadh an gníomh éadóchais seo gur chuir sé a mhallacht ar an gcrann á rá nár chóir dá chuid adhmaid a bheith chomh láidir san riamh arís chun fear a chrochadh. Agus go dtí an lá atá inniu ann, níl ach smúsach ina slaitíní ag an trom agus ní adhmad. Ina theannta sin, tá boladh an-láidir bréan ona dhuilleoga agus a shlaitíní. Níor thaitin sé le daoine é a bheith ag fás in aice an tí. Níor baineadh feidhm riamh as mar bhreosla nó chun bád a dhéanamh. Níor chóir leanaí ná ainmhithe a bhualadh riamh leis an trom mar chuirfeadh sé cosc lena bhfás.

Crann sí ba ea an **SCEACH GHEAL** agus níor chóir cur isteach riamh air. Níor chóir na bláthanna a thabhairt isteach sa teach riamh, de bhrí go leanfadh an mhí-ádh é. Agus go deimhin níor chóir crainn den sceach gheal a ghearradh anuas riamh de bhrí go mbeadh mí-ádh agus go fiú an bás féin mar thoradh air - go háirithe dá ndéanfaí sceach gheal aonraic a bhaint. Tá a lán scéalta mar gheall ar dhaoine ag fáil bháis go gairid tar éis dóibh toir aonraice den sceach gheal a leagan, go háirithe dá ndéanfaidis neamh-shuim de rabhaidh gan sin a dhéanamh.

Bhí an-tábhacht ag baint le **CUILEANN** agus **EIDHNEÁN** fadó mar choimeád siad a nduilleoga sa gheimhreadh nuair a bhí na duilleoga uile duillsilteacha eile titithe de na crainn. Sna laethanta úd dhein daoine an ghrian a adhradh agus bhí imní orthu gach aon bhliain go n-imeodh an ghrian agus nach bhfillfeadh sí. Mar sin, sa gheimhreadh thart ar na laethanta ba ghiorra ar 21 Nollaig, thug siad craobhacha den chuileann agus den eidhneán isteach ina gcuid tithe mar thaispeáin na duilleoga síor ghlasa go raibh siad beo fós. Bhí beatha fós sna crainn speisialta seo agus tugadh ómós don bheatha seo trí áit onórach sa teach a thabhairt dóibh. D'fhillfeadh an ghrian agus stopfadh na laethanta ag éirí níos giorra. Thosóidis ag éirí níos faide arís. Agus d'éirigh leis i gcónaí? Agus go dtí an lá atá inniu ann tugaimid cuileann agus eidhneán isteach inár dtithe um Nollaig.





Tree Council of Ireland

# Le déanamh

## Le déanamh 1

Faigh píosa de gach crann a raibh baint aige le draíocht agus atá luaite thuas. Tarraing pictiúr de gach slaitín agus na duilleoga air. Cuir ceist ar do thuismitheoirí nó ar do sheanathaireacha agus do sheanmháthaireacha nó ar chomharsain atá sean faoi aon eolas atá acu ar rudaí speisialta atá comhcheangailte leis na crainn seo. B'fheidir gur féidir leat samplaí eile a fháil de phiseoga nó de draíocht.


## Le déanamh 2

Níl cuid de na focail ar baineadh feidhm astu sna cuntais thuas in úsáid a thuilleadh, go háirithe i mbailte móra agus i gcathracha. Scríobh abairt ina bhfuil gach ceann de na focail seo a leanas san áireamh, a leiríonn go dtuigeann tú a mbrí.

BÓITHEACH, CUINNEOG, TREADAITHE, CURRACH, IÚDÁS, SMÚSACH, ADHRADH

## Le déanamh 3

Samhlaigh gur chónaigh tú in Éirinn fadó. Cad iad na crainn a theastódh uait a bheith in aice do thí agus cén fath? (Smaoinigh ar chrainn atá úsáideach do bhia, d'ábhair thógála, d'airm agus cinn a choimeádfadh an t-olc uait)





Tree Council of Ireland

# Logainmneacha

De bhrí go raibh crainn ina bpointí suntasacha chomh infheicthe agus chomh tábhachtach sin, ní hiontas ar bith é go bhfuil siad mar chuid de logainmneacha i mórán d'ár gcontaetha, bailte móra, sráidbhailte agus bailte fearainn. Uaireanta tá sé fuirist an chuid den logainm a bhaineann le crann a aithint, uaireanta eile níl sé amhlaidh.

Tugann an liosta focal seo a leanas go leor de na focail Ghaeilge do chrainn agus toir atá le fáil inár logainmneacha. Breathnaigh orthu go cúramach, agus ansin féach an féidir leat na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

# Liosta Focal

CRANN : TREE
MUINE : THICKET
CRAOBH : BRANCH
FIODH : WOOD
DAIR : OAK
ÚLL : APPLE
TROM : ELDER
SAIL : WILLOW
COILL: WOOD (Sometimes Kyle or Kil)
GARRÁN : GROVE
ROS : WOOD
DOIRÍN : LITTLE GROVE
EO : YEW
CUILEANN : HOLLY
LEAMHAN : ELM
BEITH : BIRCH

# Le déanamh:


1) Tá ar a laghad trí chontae i gCúige Uladh, dhá cheann i gCúige Chonnacht agus ceann amháin i gCúige Laighean ainmnithe as crainn. Cad iad na contaetha seo agus mínigh conas atá siad ainmnithe as crainn nó as focail bainteach le crainn.

2) Faigheann na bailte móra seo a leanas a n-ainmneacha ó chrainn a d'fhás in aice leo uair amháin. An féidir leat iad a mhíniú.
An Iúr, Eochaill, Doire, Cill Airne, Cill Rois, Meathas Troim, Ros Mhic Thriúin, Ros Cré, Baile Átha Troim.

3) Coimeádtar go leor de na seanainmneacha do bhailte fearainn fós i gceantair uirbeacha. Cuireann cuid acusan I gcuimhne dúinn go raibh coillte sna háiteanna sin tráth.
Cad a cheapann tú de na logainmneacha seo: Baile Muine, Tír an Iúir, Leamncán, An Choill Bhán.

4) Ainmnítear mórán bailte móra agus sráidbhailte as crainn agus toir. Bain triail as an leagan Gaeilge de na logainmneacha Béarla seo - is soiléire de ghnáth cad as a tháinig an t-ainm.

5) Féach ar ainmneacha na mbailte fearainn i do pharóiste. An féidir leat a dhéanamh amach ar tháinig aon cheann acu ó chrainn?





Tree Council of Ireland